# Topaic 2: Cúlra agus Áit Chónaithe

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:*

| | |
|---|---|
| 2.1 | ~ fiafraí de dhuine cé as é/í agus an cheist sin a fhreagairt |
| 2.2 | ~ náisiúntacht a chur in iúl |
| 2.3 | ~ fiafraí de dhuine cá bhfuil sé ina chónaí agus an cheist sin a fhreagairt |
| 2.4 | ~ ceist a chur ar dhuine cá bhfuil áit agus an cheist sin a fhreagairt |
| 2.5 | ~ ceist a chur ar dhuine cén seoladh atá aige/aici |
| 2.6 | ~ cur síos a dhéanamh ar áiseanna i gceantar agus ceist a chur ar dhuine eile faoi áiseanna ina c(h)eantarsan. |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- Na réamhfhocail **as** agus **i**: ***as Baile Átha Cliath, i mBaile Átha Cliath.***
- An réamhfhocal **le**: ***in aice le Luimneach.***
- Foirmeacha ceisteacha: ***An bhfuil***...? ***Cá bhfuil***...?
- An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha **do** agus **ag**.
- Na haidiachtaí sealbhacha ***mo*** agus ***do***.
- An chopail: ***Is Iodálach mé***.

## Stór focal

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Áiteanna: ***sráidbhaile, baile, cathair, contae, faoin tuath, cois farraige***
Áiseanna: ***siopa(í), banc, ollmhargadh, scoil, oifig an phoist, teach (tithe) tábhairne, óstán, linn snámha***
Náisiúntacht**: *Éireannach, Sasanach, Meiriceánach, Francach, Spáinneach, Iodálach***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…


| | |
|---|---|
| Labhairt | Eolas bunúsach a thabhairt faoi/fúithi féin maidir leis na rudaí seo a leanas: náisiúntacht, áit ar rugadh é/í, áit chónaithe. Beidh sé/sí in ann ceisteanna bunúsacha a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Beidh sé/sí in ann na príomháiseanna atá le fáil sa cheantar a ainmniú agus ceist a chur ar dhuine faoi na príomháiseanna atá le fáil ina c(h)eantar siúd. |
| Cluastuiscint | Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra agus áit chónaithe. Beidh tuiscint acu ar chur síos simplí ó dhaoine eile faoi na príomhrudaí atá le fáil ina gceantar. |
| Léamhthuiscint | Na príomhfhocail a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Mar shampla, na focail 'náisiúntacht' agus 'áit chónaithe' ar fhoirm. Beidh siad in ann na príomhfhocail a bhaineann le seirbhísí a thuiscint. Mar shampla, 'banc', 'oifig an phoist' agus araile. |
| Scríbhneoireacht | Focail faoi leith a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirm. Mar shampla, náisiúntacht agus áit chónaithe. |

© OÉ Má Nuad

## 2.1 Fiafraí de dhuine cé as é/í agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Múin ainmneacha na dtíortha seo a leanas don rang:

*Éire*
*Sasana*
*Meiriceá*
*An Fhrainc*
*An Spáinn*
*An Iodáil*
*An Pholainn*
*An tSín*
*An Aifric Theas*

**Gníomhaíocht 2.1(A): Tíortha: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 2.1(A): Tíortha** don osteilgeoir nó déan cóip do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Múin ainmneacha na dtíortha don rang trí mhéar a chur ar phictiúr agus an t-ainm cuí a rá os ard.
- Iarr ar an rang ainm na tíre sin a rá i do dhiaidh.
- Nuair a bheidh cleachtadh déanta ar na tíortha sin, cuir ceist ar an rang an as tír ar bith eile aon duine sa rang agus más rud é gurb as, iarr orthu pictiúr a tharraingt sa bhosca folamh ar an bhileog a léireodh an tír sin.
- Iarr ar an rang ainmneacha na dtíortha sin a rá i do dhiaidh.

**(B)** Déan cleachtadh ar an cheist agus ar an fhreagra seo thíos:

*Cé as duit?/ Cad as duit?/Cárb as duit?*
*An Spáinn /As an Spáinn*

- Mínigh dóibh gur leor *An Spáinn* a rá mar fhreagra agus nach gá *as* a úsáid.
- An cheist '*Cé as tú féin?*' nó '*Cad as duit féin?*' a mhúineadh agus a chleachtadh.

## 2.2 Náisiúntacht a chur in iúl

**(A)** Bain úsáid as an tsraith pictiúr ar **Bhileog 2.1 (A): Tíortha** chun na náisiúntachtaí seo a leanas a mhúineadh agus múin cibé náisiúntacht eile atá ag foghlaimeoirí sa rang:

*Éireannach, Sasanach, Meiriceánach, Francach, Spáinneach, Iodálach, Polannach, Síneach*


- Déan na náisiúntachtaí a chleachtadh leis an rang go dtí go mbeidh siad muiníneach á rá.
- Múin an struchtúr seo a leanas:
  *Is Éireannach é*
  *Is Éireannach í*
- Léirigh an difríocht idir '*Is Éireannach é*' agus '*Is Éireannach í*' trí do mhéar a dhíriú ar fhear agus ar bhean sa rang.

© OÉ Má Nuad

- Úsáid na pictiúir arís chun an struchtúr thíos a mhúineadh:

  *Is Francach é*
  *Is Spáinneach í*
  *Is Éireannach mé*
- Téigh thart ar an rang agus iarr orthu ar fad a rá cén náisiúntacht iad:

  *Is Francach mé, Is Iodálach mé…*

**Gníomhaíocht 2.2(A): Náisiúntachtaí: Caint**

***Réamhullmhúchán:***
- Déan cóip de **Bhileog 2.1 (A): Tíortha** don osteilgeoir.

***Gníomhaíocht:***
- Bain úsáid as an tsraith pictiúr chun na struchtúir seo thíos a mhúineadh:

  *An Meiriceánach é?*
  *Ní hea. Is Éireannach é.*
  *An Francach í?*
  *Is ea. Is Francach í.*
- Téigh thart ar an rang ag cur ceisteanna ar na foghlaimeoirí:

  *An Spáinneach tú?*
  *Is ea.*
  *An Francach tú?*
  *Ní hea, ach Iodálach.*

## 2.3 Fiafraí de dhuine cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí agus an cheist sin a fhreagairt.

**Gníomhaíocht 2.3(A): Gramadach**

***Réamhullmhúchán:***
- Déan cóip de **Bhileog 2.3 (A): Bailte na hÉireann** do gach duine sa rang.
- Scríobh an méid seo thíos ar an chlár.

| | | |
|---|---|---|
| Dublin: I live in Dublin. | Baile Átha Cliath: | Tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath. |
| Galway: I live in Galway. | Gaillimh: | Tá mé i mo chónaí i nGaillimh. |


***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar an rang féachaint ar an dá shampla thuas.
- Cuir ceist orthu cén chaoi a bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla difriúil.
- Tabhair cóip de Bhileog 2.3 (A) dóibh agus iarr orthu féachaint ar na samplaí sa bhosca ar an bhileog agus iarracht a dhéanamh a oibriú amach cad iad na

© OÉ Má Nuad

hathruithe a tharlaíonn i ndiaidh 'i'. Abair leo iarracht a dhéanamh rannóga éagsúla a aimsiú. Tá sampla déanta le cabhrú leo

- Nuair a bheidh siad críochnaithe, déan cinnte go dtuigeann siad an méid seo a leanas: go n-úsáidtear 'i' roimh ainmfhocal agus go leanann urú é.
- Is féidir na samplaí seo a thaispeáint dóibh:

| | |
|---|---|
| m roimh b | *i mBéal Feirste* |
| g roimh c | *i gCorcaigh* |
| n roimh d | *i nDún Chaoin* |
| bh roimh f | *i bhFear Manach* |
| n roimh g | *i nGaillimh* |
| b roimh p | *i bPort Láirge* |
| d roimh t | *i dTír Eoghain* |
| in roimh ghuta | *in Acaill* |
| | *in Inis* |

**Gníomhaíocht 2.3(B): Bailte na hÉireann: Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip de **Bhileog 2.3 (B): Baile na hÉireann** go gach duine sa rang.
- Déan ainmneacha na mbailte ar an léarscáil a chleachtadh leis an rang.
- Ansin déan athrá ar '*i mBaile Átha Cliath*', '*i gCorcaigh*' srl agus na logainmneacha eile ar an léarscáil.
- Tabhair an logainm Gaeilge do na foghlaimeoirí den bhaile a bhfuil siad ina gcónaí ann faoi láthair, mar shampla, *Trá Lí*, *Leitir Ceanainn*.
- Mínigh, ach gan mórán ama a chaitheamh air, go gcuirtear 'sa' roimh ainm bailte/tíortha nuair is cuid d'ainm an bhaile an t-alt, mar shampla:


| | |
|---|---|
| *an Daingean* | *sa Daingean* |
| *an Tochar* | *sa Tochar* |
| *na Cealla Beaga* | *sna Cealla Beaga* |
| *an Fhrainc* | *sa Fhrainc* |

**(C) Cá bhfuil tú i do chónaí?**

- Múin don rang conas a chur in iúl cá bhfuil siad ina gcónaí.
- Dírigh ar an uimhir uatha amháin ag an phointe seo.

| | | |
|---|---|---|
| *Tá mé* | *i mo* | *chónaí* |
| *Tá tú* | *i do* | *chónaí* |
| *Tá sé* | *ina* | *chónaí* |
| *Tá sí* | *ina* | *cónaí* |


- Déan druil air seo go dtí go bhfuil an rang muiníneach á rá.
- Ansin múin '*Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh*' dóibh.

 **Gníomhaíocht 2.3(C): Cá bhfuil tú i do chónaí?: Caint**

© OÉ Má Nuad

- Iarr ar na daltaí siúl thart ar an rang ag dul ó dhuine go duine agus an comhrá thíos a chleachtadh le gach duine:


  *Cá bhfuil tú i do chónaí?*
  *I gCorcaigh.*
  *I mBaile Átha Cliath.*
  *I Meiriceá.*

**Gníomhaíocht 2.3(D): Cá bhfuil tú i do chónaí? Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Déan druil mar seo thíos:

  Múinteoir: *A Dhónaill, cá bhfuil tú i do chónaí?*
  Foghlaimeoir 1: ................................
  Múinteoir: (Ceist a chur ar an dara duine) '*A Shíle, cá bhfuil Dónall ina chónaí?.*
  Foghlaimeoir 2: (*Tá sé ina chónaí* )..........................

**Gníomhaíocht 2.3 (E): Cad as dom?: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 2.3 (E): Cad as dom?** do gach duine sa rang agus gearr amach na pictiúir. Déan cinnte go bhfuil pictiúr agat do gach duine sa rang..

***Gníomhaíocht:***

- Téigh ó dhuine go duine agus tabhair ceann de na pictiúir do gach foghlaimeoir.
- Iarr ar an fhoghlaimeoir a ligean air/uirthi féin gurb eisean/ise an duine sa ghrianghraf.
- Scríobh an sampla thíos ar an chlár agus iarr ar an fhoghlaimeoir an sampla a leanúint agus iad ag déanamh na gníomhaíochta :

  Pierre (Páras / Gaillimh)

  *Pierre is ainm dom/Pierre an t-ainm atá orm.*
  *Is as Páras mé ach tá mé i mó chónaí i nGaillimh anois.*

© OÉ Má Nuad

## 2.4 Ceist a chur ar dhuine cá bhfuil áit agus an cheist sin a fhreagairt

Múin na nathanna seo a leanas do na foghlaimeoirí:

*Cá bhfuil sé sin?*
*In aice le…*

- Iarr ar an rang a rá cén baile a bhfuil siad ina gcónaí in aice leis, mar shampla:

  *In aice le Sligeach*    *Gar do Luimneach*    *Cúpla míle ó Chorcaigh*

*In aice le Doire*    *Gar do Dhoire*    *Cúpla míle ó Ghaillimh*

- Mínigh dóibh go gcuirtear séimhiú (más féidir) ar an ainmfhocal a thagann i ndiaidh *do* agus *ó*. Beimid ag teacht ar ais chuige seo níos moille.
- Mínigh agus déan cleachtadh ar na nathanna seo thíos:

    *faoin tuath*
    *cois farraige*


## 2.5 Ceist a chur ar dhuine cén seoladh atá aige/aici agus an cheist sin a fhreagairt

**(A**) Téigh siar ar na huimhreacha 1-10 leis an rang. (Féach **Topaic 1.8, Ag bualadh le daoine**).

- Múin na huimhreacha ar fad ó 20-100:

    *fiche, tríocha, daichead, caoga, seasca, seachtó, ochtó, nócha, céad*


- Scríobh cuid de na huimhreacha ar an chlár agus iarr ar roinnt de na foghlaimeoirí a rá cén uimhir atá i gceist. Mar shampla: 23, 44, 54, 76…
- Caith go leor ama leis seo go dtí go mbíonn na foghlaimeoirí compordach leis na huimhreacha.



**Gníomhaíocht 2.5(A): Bingo: Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar na foghlaimeoirí 8 n-uimhir idir 0-20 a scríobh síos ar phíosa páipéir.
- Glaonn an múinteoir amach uimhreacha ó 0-20 amach in aon ord.
- Is é an chéad fhoghlaimeoir a mbíonn na huimhreacha a ghlaonn an múinteoir amach aige/aici, an buaiteoir.
- Glaonn sé/sí amach an focal *'Bingo'* nó cibé focal a shocraítear ag tús an chluiche



**Gníomhaíocht 2.5(B): Fizz Buzz: Caint**

***Gníomhaíocht:***


- Abair leis an rang go mbeidh siad ag imirt cluiche darb ainm *Fizz Buzz*.
- Mínigh don rang gur gá '*Buzz'* a rá gach uair a bhíonn uimhir a 5 nó iolraí de 5 le rá, i.e. 5, 10, 15, 20, 25, 30 srl.
- Gur gá '*Fizz'* a rá in ionad a 7 agus gach iolraí de 7, i.e. 7, 14, 21, 28,
- Gur ceart '*Fizzbuzz'* a rá in ionad na n-uimhreacha atá ina n-iolraithe de 7 agus 5, i.e. 35.
- Deir an chéad duine *'a haon'*, an dara duine '*a dó'*, an tríú duine *'a trí'*, an ceathrú duine *'a ceathair'*, an cúigiú duine *'Buzz'*.

© OÉ Má Nuad

- Má dhéanann an duine seo i.e. an cúigiú duine, dearmad an focal *Buzz* a rá, cuirtear as an chluiche é láithreach agus leantar ar aghaidh go dtí nach mbíonn ach duine amháin fágtha sa chluiche.
- Más rud é go mbíonn siad an-mhaith agus nach gcuirtear mórán daoine as an chluiche, cuir teorainn ama leis.

**(C)** Múin *Cén seoladh atá agat?* don rang.

- Cuidigh leis na foghlaimeoirí an leagan Gaeilge dá seoladh a chleachtadh, mar shampla: *21, Bóthar na Carraige*.



**Gníomhaíocht 2.5(C): Ceithre Chomhrá: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

Déan cóip de **Bhileog 2.5(C): Ceithre Chomhrá** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***


- Tabhair cóip den bhileog do gach duine de na foghlaimeoirí. Iarr ar na foghlaimeoirí éisteacht leis na 4 chomhrá ar an DD.
- Mínigh dóibh gur leathanach priontáilte é seo ó ríomhaire faoi dhaoine atá ag freastal ar chúrsa ach go bhfuil roinnt sonraí in easnamh.
- Iarr orthu éisteacht leis na ceithre comhráite anois agus na bearnaí a líonadh.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht – cinntigh gurb iad na foghlaimeoirí a thugann na freagraí.

## 2.6 Cur síos a dhéanamh ar áiseanna i do cheantar agus ceist a chur ar dhuine eile faoi áiseanna ina c(h)eantarsan

**(A)** Múin an cheist *'An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar?'*

- Tabhair cóip de **Bhileog 2.6 (A): Áiseanna an bhaile** do gach foghlaimeoir agus bain úsáid as na pictiúir leis an stór focal seo a leanas a mhúineadh:

*teach (tithe) tábhairne, óstán, séipéal,*
*pictiúrlann, scoil, leabharlann,*
*oifig an phoist, bialann, sólann,*
*siopa, banc, ollmhargadh,*



**Gníomhaíocht 2.6(B): Bailte difriúla: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóipeanna de **Bhileog 2.6(B): Bailte difriúla** agus gearr iad ina 6 chuid.
- Roinn an rang i ngrúpaí de sheisear.


***Gníomhaíocht:***

- Is í aidhm na gníomhaíochta ná an duine eile sa ghrúpa atá ina chónaí sa bhaile céanna a aimsiú.

© OÉ Má Nuad

- Tabhair plean de bhaile difriúil do gach duine den seisear agus déan cinnte go bhfuil an ceann céanna ag beirt as an seisear.  Má tá níos lú sa ghrúpa fág ar lár ceann de na pleananna ach déan cinnte go bhfuil beirt a bhfuil an plean céanna acu.
- Iarr orthu siúl thart i measc na bhfoghlaimeoirí eile sa ghrúpa agus duine a aimsiú a bhfuil an plean céanna aige/aici.
- Déan an ghníomhaíocht a léiriú le duine de na foghlaimeoirí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Múinteoir: | *An bhfuil banc ann?* | Foghlaimeoir: | *Tá/Níl.* |
| Múinteoir: | *An bhfuil pictiúrlann ann?* | Foghlaimeoir: | *Tá/Níl.* |




**Gníomhaíocht 2.6(C): Rólimirt: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Gearr **Billeog 2.6(Ci): Rólimirt** ina dhá chuid agus **Bileog 2.6(Cii): Rólchártaí** ina 6 chuid.
- Roinn an rang ina mbeirteanna.
- Tabhair Ról A agus ceann de chártaí eolais Ról A as **Bileog 2.6 (Cii)** do dhuine amháin den bheirt.
- Tabhair Ról B agus ceann de chártaí eolais Ról B as **Bileog 2.6 (Cii)** don duine eile.

***Gníomhaíocht:***

- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an eolas ar na cártaí chun an rólaithris a dhéanamh. D'fhéadfá féin an rólaithris a dhéanamh le duine sa rang atá go maith sula n-iarrann tú ar gach beirt triail a bhaint as.
- Nuair a bheidh sé déanta acu uair amháin, ba cheart dóibh rólanna a mhalartú.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar bheirt de na foghlaimeoirí an rólghníomhaíocht a dhéanamh don chuid eile den rang.



**Gníomhaíocht 2.6 (D): Cur síos ar chúlra duine: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Gearr pictiúir de dhaoine cáiliúla as irisleabhair/nuachtáin ag déanamh cinnte go bhfuil pictiúr amháin ann do gach foghlaimeoir.
- Greamaigh gach pictiúr go néata ar chárta cairtchláir.
- Greamaigh 'cárta aitheantais' (an duine atá sa phictiúr) ag bun an chárta. Scríobh na sonraí seo a leanas ar gach cárta: ainm, aois, tír, náisiúntacht, áit chónaithe an duine ar an chárta.


***Gníomhaíocht:***

- Roinn an rang i mbeirteanna agus tabhair ceann de na pictiúr do gach foghlaimeoir.
- Caithfidh gach foghlaimeoir eolas faoin duine sa phictiúr a thabhairt don duine in aice leo.

© OÉ Má Nuad

Ba cheart duit féin pictiúr a roghnú agus an ghníomhaíocht a léiriú don rang ar dtús.

**Sampla:** *George Bush an t-ainm atá air/George Bush is ainm dó. Is Meiriceánach é. Tá sé ina chónaí i Washington, i Meiriceá.*



**Gníomhaíocht 2.6(E): Áine agus Paulo: Léamhthuiscint/Cluastuiscint**


***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 2.6(E): Áine agus Paulo** do gach duine sa rang.
- Bíodh na focail seo a leanas scríofa agat ar thréshoilseán:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *bualadh* | *tú* | *chónaí* | *bialann* | *farraige* |
| *sráidbhaile* | *áiseanna* | *Iodáil* | *t-ainm* | |

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus léigh agus mínigh na treoracha ag barr na bileoige dóibh. Má tá rang maith agat ní gá duit an tréshoilseán leis na focail a bheith le feiceáil agus iad i mbun na gníomhaíochta.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, tabhair deis dóibh éisteacht leis an dlúthdhiosca agus a gcuid freagraí a sheiceáil.



**Gníomhaíocht 2.6 (F): Foghraíocht**

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta agus go mbeidh siad ag díriú ar an fhuaim 'ch'. Mínigh gur fuaim an-choitianta sa Ghaeilge an fhuaim seo.

- Scríobh an méid seo a leanas ar an chlár nó bíodh sé scríofa ar thréshoilseán roimh ré.

    1. Éireannach
    2. Sasanach
    3. Francach
    4. Iodálach
    5. Ní Iodálach ach Spáinneach.
    6. Meiriceánach
    7. Luimneach
    8. Sligeach
    9. sa cheantar
    10. Cá bhfuil tú i do chónaí?

- Abair leo go ndéarfaidh tusa na focail thuas ar dtús agus iarr orthu díriú go háirithe ar fhuaim an *ch* agus tú á rá.
- Iarr orthu ansin na focail agus na fuaimeanna thuas a rá i do dhiaidh.

© OÉ Má Nuad

- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca agus iarr orthu éisteacht leis na habairtí a bhfuil an fhuaim sin iontu.
- Seinn an dlúthdhiosca.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís agus go stopfaidh tú é i ndiaidh gach abairte agus gur mhaith leat go ndéarfaidís gach abairt i ndiaidh í a chloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Nuair a bheidh an dlúthdhiosca seinnte agat uair amháin agus athrá déanta acu mar ghrúpa uair amháin, seinn an dlúthdhiosca arís agus an t-am seo, iarr ar fhoghlaimeoirí aonair an abairt a rá a dúradh ar an dlúthdhiosca.
- Éist leo agus déan cibé ceartúchán nó athchleachtadh is gá sula gcuireann tú deireadh leis an ghníomhaíocht sin.

© OÉ Má Nuad